

# CDETB

Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath  
City of Dublin Education and Training Board



Tuarascáil Bhliantúil  
**2021**



# Clár Ábhar

<b>Brollach an Phríomhfheidhmeannaigh</b>	<b>4</b>
<b>Teachtaireacht an Chathaoirligh</b>	<b>5</b>
<b>Ráiteas Bhord CDETB</b>	<b>7</b>
<b>Cúlra CDETB agus Faisnéis Staidrimh</b>	<b>13</b>
<b>Misean</b>	<b>17</b>
<b>Cairt Eagrúcháin</b>	<b>19</b>
<b>Tuarascáil ar Éachtaí 2021</b>	<b>21</b>
<b>An Dara Leibhéal</b>	<b>21</b>
<b>Breisoideachas agus Oiliúint</b>	<b>29</b>
<b>Seirbhísí Óige</b>	<b>33</b>
<b>Tacaíocht Uilíoch Mac Léinn Éireann</b>	<b>37</b>
<b>Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta</b>	<b>42</b>
<b>Tuarascáil ar Fhuinneamh</b>	<b>48</b>

# Brollach an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá áthas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath an Tuarascáil Bhliantúil do 2021 a chur i láthair. Chomh maith le forbheathnú ginearálta ar na gníomhaíochtaí go léir a rinne CDETB, is deis í an Tuarascáil Bhliantúil chun aird a tharraingt ar roinnt forbairtí suntasacha in 2021.

Ba bhliain shuntasach í 2021 do CDETB agus sinn mar phátrún ar Phobalscoil Náisiúnta don chéad uair. Tar éis idirbheartaíochta fhairsing tháinig CDETB chun bheith ina phátrún ar Scoil Ospidéal Mhuire, Cromghlinn le linn an tsamhraidh 2021. Is réimse spéise nua atá ag teacht chun cinn do ETBanna é oideachas bunleibhéil agus is cloch mhíle é i stair CDETB a bheith mar phátrún ar Phobalscoil Náisiúnta. Léiríonn sé freisin treo soiléir maidir le fás sa todhchaí do CDETB agus sinn mar an chéad phointe teagmhála do gach riachtanas oideachais agus oiliúna i gcathair Bhaile Átha Cliath.

Forbairt shuntasach eile in 2021 ba ea an próiseas Athbhreithnithe Tionscnaimh a rinne CDETB le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI). Léiríonn an próiseas Athbhreithnithe Tionscnaimh seo anailís chórais uile ar sholáthar Breisoideachais agus Oiliúna i gcathair Bhaile Átha Cliath ag CDETB. Chruthaigh sé deis dúinn i CDETB an soláthar fairsing atá againn i FET a mhapáil agus creat a chruthú inar féidir linn réimsí nua a thionscnamh le haghaidh forbartha agus fáis le riachtanais na bhfoghlaimoirí ag croílár ár seirbhísí.

Ar deireadh, ba thréimhse an-deacair agus an-chrua í 2021 don fhoireann chomh maith agus muid ag freastal ar riachtanais foghlaimoirí le linn COVID. Is é tiomantas agus gairmiúlacht ár bhfoirne bunchloch na nuálaíochta agus na beochta a dhéanann ár seirbhísí a mharcáil ar fud na cathrach. Ba é an treoir a chuir bord tiomnaithe CDETB ar fáil an rud ba thábhachtaí de seo agus muid ag leanúint orainn ag cur lenár gcuspóir seirbhísí oideachais agus oiliúna den scoth a sholáthar do mhuintir chathair Bhaile Átha Cliath.



**An Dr. Christy Duffy**  
**Príomhfheidhmeannach**

# Teachtaireacht an Chathaoirligh

Le linn bliana dúshlánaí eile inár sochaí rinneadh gach iarracht ar fud CDETB in 2021 chun teagasc, oiliúint agus tacaíochtaí ardchaighdeán a sholáthar go leanúnach do mhic léinn agus chun seirbhísí riachtanacha na heagraíochta a chothabháil. Ba chóir moladh a thabhairt do gach ball foirne agus mac léinn CDETB as a gcuid oibre crua, a n-athléimneacht agus a dtoilteanas chun oiriúnú a thaispeáint le linn na tréimhse seo.

Lean baill foirne orthu ag glacadh le raon leathan éagsúil modhanna cumarsáide teicneolaíochta chun leanúint le hobair an teagaisc agus na foghlama. Bhí leibhéal an-ard comhoibrithe ann maidir le teagasc agus foghlaim idir gach cuid den ETB. Thacaigh tiomantas na foirne riaracháin, TF, airgeadais agus cothabhála leis an bhfoghlaim. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis an eagraíocht as a tiomantas agus a feidhmíocht in 2021.

Chuir an eagraíocht an chéad bhliain den Ráiteas Straitéise 2021-2025 i bhfeidhm in 2021. Ba mhór an pléisiúr é a bheith ag obair go dlúth leis an bPríomhfheidhmeannach, leis an bhFoireann Ceannaireachta Sinsearach agus le mo chomhghleacaithe Boird d'fhonn a chinntiú go gcuirfí i bhfeidhm i gcónaí é.

Ar deireadh, lean obair ríthábhachtach Bhord agus choistí CDETB le linn 2021 trí úsáid a bhaint as físchomhdhálacha. Ba mhaith liom moladh agus buíochas a ghabháil leis an mbord a d'oibrigh go dícheallach chun an eagraíocht a threorú le linn na tréimhse dúshlánaí seo. Táimid go léir ag tnúth go mór le bheith ag obair leis an eagraíocht in 2022 agus leanúint ar aghaidh le maoirseacht a dhéanamh ar Ráiteas Straitéise 2021-2025 CDETB a chur i bhfeidhm.



**An Comhairleoir Keith Connolly  
Cathaoirleach CDETB**



1

# Ráiteas Bhord ETB Chathair Bhaile Átha Cliath

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as a chuid feidhmeanna a stiúradh agus a rialú i gceantair údaráis áitiúil i gceantair údaráis áitiúil Bhaile Átha Cliath agus Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Comhlíonann Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath an Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0002/2019. Is é cuspóir an chóid ná cinntiú go gcuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath prionsabail an dea- rialachais agus na dea-bhainistíochta i bhfeidhm.

## Feidhmeanna an Bhoird ETB:

Is feidhmeanna forchoimeáda iad cinntí a nglacann an Bord agus leagtar amach iad in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus i gCiorclán 0002/2019 Cód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna, le sceideal iomlán leagtha amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin don Phríomhfheidhmeannach iad cinntí nach sonraítear sa Chód. Tá an Bord sásaithe go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean nuair is cuí agus de réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

## Freagrachtaí an Bhoird:

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá an Bord freagrach leis as a cuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Measann an Bord go gcuireann na Ráitis Airgeadais Bliantúla ioncam agus caiteachas an Bhoird agus staid chúrsaí an Bhoird i láthair i gceart.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú, éilítear ar an mBord:

- (a) na gnáthpholasaithe cuntasaióchta a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais an ETB a ullmhú
- (b) breithiúnais a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- (c) aon imeacht ábhartha ó na beartais chaighdeánacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú

Le linn 2021 d'fhaomh an Bord na doiciméid seo a leanas;

- An Tuarascáil Bhliantúil a ghlacadh
- Ráitis Airgeadais
- An Plean Seirbhíse a ghlacadh
- Freastal údaraithe comhaltaí ag comhdhálacha
- Fáil, sealbhú agus diúscairt talún nó leasa ceadaithe de réir rialacháin na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Cinntíodh gur coinníodh taifid chruinne ar chruinnithe agus ar chinntí

## Comhaltas an Bhoird:

### Ionadaithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath:

- An Comhairleoir Keith Connolly (Cathaoirleach)
- An Comhairleoir Vincent Jackson (Leas-Chathaoirleach)
- An Comhairleoir Joe Costello
- An Comhairleoir Caroline Conroy
- An Comhairleoir Sophie Nicoulaud
- An Comhairleoir Declan Meenagh
- An Comhairleoir Catherine Stocker
- An Comhairleoir Dermot Lacey
- An Comhairleoir Mary Callaghan
- An Comhairleoir Mícheál Mac Donncha
- An Comhairleoir Anne Feeney
- An Comhairleoir John Lyons

### Ionadaithe Foirne:

- Audrey Cepeda
- Noel McDonagh

### Ionadaithe Tuismitheoirí:

- Diane Cronin
- An Dr. Bryan MacDonald

### Ionadaithe arna gceapadh faoi Alt 30(d) d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna:

- An Dr. Noel O'Connor (ainmnithe ag Cumann Teicneolaíochta Ardoideachais (THEA)).
- John Carr (ainmnithe ag Comhdháil Ceardchumann na hÉireann (ICTU)).
- Michael Blanchfield (ainmnithe ag ACCS / JMB / NAPD).
- Joanna Siewierska (ainmnithe ag Comhairle Inimirceach na hÉireann).
- An Dr. Shira Mehlman (ainmnithe ag Teicneoirí Cuntasaíochta Éireann (ATI)).



## Cruinnithe Boird:

Tháinig an Bord le chéile ar dheich ócáid i rith na bliana agus tá sonraí an tinrimh leagtha amach sa tábla thíos.

Tinreamh Baili an Bhoird 2021	Ean	Fea	Már	Már	Aib.	Beal	Meith	M.F	D.F	Samh	Tinreamh lomlán
An Comhairleoir Joe Costello	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	10/10
An Comhairleoir Caroline Conroy	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✓	✓	9/10
An Comhairleoir Sophie Nicoullaud	✓	✓	✓	✗	✓	✗	✗	✓	✓	✓	7/10
An Comhairleoir Catherine Stocker	✗	✗	✓	✗	✓	✗	✗	✗	✗	✗	3/10
An Comhairleoir Dermot Lacey	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	10/10
An Comhairleoir Mary Callaghan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	10/10
An Comhairleoir Keith Connolly	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	10/10
An Comhairleoir Vincent Jackson	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	10/10
An Comhairleoir Anne Feeney	✓	✓	✓	✓	✗	✓	✗	✓	✗	✗	6/10
An Comhairleoir Declan Meenagh	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✓	✓	✓	9/10
An Comhairleoir Michael MacDonncha	✗	✓	✓	✓	✗	✗	✓	✗	✗	✗	4/10
An Comhairleoir John Lyons	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✗	8/10
Audrey Cepeda	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✓	9/10
Noel McDonagh	✗	✓	✓	✗	✓	✓	✗	✓	✓	✓	7/10
An Dr. Bryan MacDonald	✓	✗	✗	✗	✓	✓	✗	✓	✓	✓	4/10
Diane Cronin	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	10/10
An Dr. Noel O'Connor	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	10/10
An tUas John Carr	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	10/10
An tUas Michael Blanchfield	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	10/10
Joanna Siewierska	✓	✗	✗	✗	✓	✓	✓	✓	✗	✓	6/10
An Dr. Shira Mehlman	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✓	✓	9/10

## Cruinnithe an Choiste Airgeadais:

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huaire i rith na bliana agus tá sonraí an tinrimh leagtha amach sa tábla thíos.

Freastal ar an gCoiste Airgeadais 2021	Ball Inmheánach /Seachtrach	22/02/2021	29/03/2021	22/07/2021	23/11/2021	Freastal Iomlán
An tUas. Sean Paul Mahon (Cathaoirleach)	Seachtrach	Ceaptha Samhain 2021			✓	1/1
An Comhairleoir Keith Connolly	Inmheánach	✓	✓	✓	✓	4/4
An Comhairleoir Anne Feeney	Inmheánach	✓	✓	D'éirigh as lúil 2021		2/2
An Comhairleoir Dermot Lacey	Inmheánach	✗	✓	✓	✓	3/4
Michael Donnelly	Seachtrach	✓	✓	✓	✓	4/4
An Comhairleoir Declan Meenagh	Inmheánach	✓	✓	✓	✓	4/4

## Cruinnithe an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca:

Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire i rith na bliana agus tá sonraí an tinrimh leagtha amach sa tábla thíos.

Freastal ar an gCoiste Iniúcháireachta 2021	Ball Inmheánach /Seachtrach	16/03/2021	20/04/2021	24/06/2021	20/12/2021	Freastal Iomlán
Paddy Bourke (Cathaoirleach)	Seachtrach	✓	✓	✓	D'éirigh as Samhain 2021	3/3
Cathal Kearney (Cathaoirleach)	Seachtrach	Ceaptha Samhain 2021			✓	1/1
Mary Armstrong	Seachtrach	✓	✓	✓	✓	4/4
Patrick Hopkins	Seachtrach	✓	✓	✓	✓	4/4
Seán McKeon	Seachtrach	✓	✓	✓	✓	4/4
Noel O'Connor	Inmheánach	✓	✓	✓	✓	4/4
Shira Mehlman	Inmheánach	✓	✓	✓	✓	4/4
Michael Blanchfield	Inmheánach	✓	✓	✓	✓	4/4

## Bainistíocht Riosca:

Déanann an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistiú riosca agus deimhníonn an Bord go bhfuil measúnú déanta ar na príomhrioscaí, ar na bearta maolaithe a bhaineann leis na rioscaí sin agus go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart seo in 2020. Déanann an Bord bainistíocht ar riosca don eagraíocht trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Faigheann an Bord cúnaimh ina fheidhm bainistíochta riosca ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca. Braitheann an Bord freisin ar an Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí (IAU) agus ar a thuarascálacha agus ar iniúchadh bliantúil C&AG agus ar aon Iniúchadh seachtrach eile amhail iniúchadh ESF agus/nó Iniúchadh ar ioncam. Chomh maith leis sin, déantar athbhreithniú ar na Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Pléitear Bainistíocht Riosca ag gach cruinniú den Bhord agus cuimsítear na nithe seo a leanas sa phlé sin:

- Tuarascálacha riosca ón mbainistíocht shinsearach
- Tuarascálacha an Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca
- Athruithe ar rátáil rioscaí
- Clár Iniúcháireachta

Cuireadh sonraí faoi na príomhrioscaí agus na bearta nó straitéisí maolaithe a ghabhann leo san áireamh sa SIC mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta. Foilseofar laistigh de mhí amháin tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

## Córas rialaithe inmheánach:

Deimhníonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach agus go bhfuil an Ráiteas um Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go mbeidh an t - iniúchadh seachtrach críochnaithe, curtha san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bliantúla (AFS) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021. Foilseofar laistigh de mhí amháin é ó bheith

faighte ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín leis an Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

## Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair:

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí le gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Poiblí agus le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Corparáidigh Soláthair.

## Cánachas:

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon an ETB a oibleagáidí faoin dlí cánach.

## Ráitis Airgeadais 2021:

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard - Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC&C) tráth foilsithe na Tuarascála Bliantúla 2021. Foilseoidh an ETB na ráitis airgeadais iniúchta a luaite is féidir tar éis don ARC&C iad a shíniú.

### Tá sonraí airgeadais maidir leo seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Déantar anailís de réir catagóire na dtáillí ar tháillí nach táillí tuarastail iad a íoctar i leith Baill an Bhoird
- Sonraí comhiomlána an chúitimh ar phríomhbhainistíocht arna n - anailísiú de réir na gcatagóirí seo a leanas, lena n - áirítear cúiteamh bainistíochta san iomlán;
  - Tuarastail agus sochair gearrthéarmacha fostaithe
  - Sochair iarfhostaíochta
  - Sochair scoir
- Príomhchúiteamh bainistíochta más ann dó;
- Sonraí faoi líon na bhfostaithe a raibh a sochair fostaí iomlána (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe idir € 0 agus € 59,999 agus laistigh de gach banda pá € 10,000 agus € 60,000 níos airde agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin fostóra iomlána.



2

# Cúlra CDETB agus Faisnéis Staidrimh

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath (CDETB) an 1 Iúil 2013 faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Is sinne an t-údarás stáit um oideachas agus oiliúint do chathair Bhaile Átha Cliath agus déanann muid freastal ar an gceantar atá clúdaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, a shíneann ó Fhionnghlas agus an Chúlóg (ó thuaidh agus soir ó thuaidh den chathair) go dtí an Rinn agus Baile Formaid (ó dheas agus soir ó dheas den chathair).

Tá freagracht reachtúil ar CDETB as tacú le soláthar, comhordú, riarachán agus measúnú seirbhísí oibre óige i gcathair Bhaile Átha Cliath. Tá muid ar an bpríomhpháirtí chomh maith do Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá CDETB freagrach freisin as an údarás dámhachtana náisiúnta do dheontais mac léinn in Éirinn, Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI).

Oibríonn CDETB 24 scoil agus coláiste lena n-áirítear Pobalscoil Náisiúnta amháin, 11 scoil dara leibhéal agus 13 Coláiste Breisoideachais. Ina theannta sin, déanaimid 9 nIonad For-rochtana Óige, dhá Ionad Oiliúna agus Seirbhís Oideachais d'Aosaigh a bhainistiú, a oibríonn i gcúig cheantar ar leith ar fud na cathrach. Soláthraímid seirbhís oideachais i seacht bPríosún freisin agus maoiníonn sé Ionaid Oiliúna Phobail agus Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla. Seachadann níos mó ná 3,000 ball foirne an soláthar seo do níos mó ná 48,000 foghlaimoír (20,000 lánaimseartha agus 28,000 páirtaimseartha) agus tacaíonn raon seirbhísí leis leo n-áirítear seirbhís shíceolaíoch, aonad forbartha curaclaim, aonad cothabhála foirgneamh agus foireann Ceannoifige CDETB i nDroichead na Dothra

Bunscoileanna & Iarbhunscoileanna		
Seirbhís	Líon na láithreacha	Líon na mac léinn lánaimseartha (Seisiún Acadúil) 2021/2022
Daltaí Bunscoile	1	Athraitheach
Daltaí Iarbhunscoile	11	3,396

Breisoideachas & Oiliúint (FET)	
Foráil Lánaimseartha	CDETБ
Oiliúint Phrintíseachta	1,592
Droicheadú agus Bunoiliúint:	43
Lárionaid Oiliúna Pobail	401
Ceardlann Cheartais	30
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	102
PLC	12,879
Soláthraithe Sainoiliúna	428
Sainoiliúint Scileanna	230
Oiliúint i gCúrsaí Oiliúna	157
Croí VTOS	257
Ógtheagmháil	838
Cláir Lánaimseartha CDETБ, Iomlán	16,957
Soláthar Páirtaimseartha/Athraitheach	
Litearthacht Aosach	5,257
Grúpaí BTEI	2,268
ESOL	2,164
Oiliúint Oíche	822
Uaireanta Comhoibrithe FET	7,122
ITABE	478
Foghlaim ar líne (rCholaiste) (p/a)	23
Scileanna don Obair	231
Scileanna chun Dul chun Cinn (Páirtaimseartha)	800
Teagasc Litearthachta Deonach	33
Oideachas Pobail (Am Athraitheach)	8,893
Cláir Ama Páirtaimseartha/Athraitheacha CDETБ Iomlán	28,091
<b>Móriomlán</b>	<b>45,048</b>





3



# Misean, Fís, Creideamh agus Gealltanais CDETB

## Misean

Is é misean Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath seirbhísí oideachais agus oiliúna gairmiúla d'ardchaighdeán a chur ar fáil do phobal Chathair Bhaile Átha Cliath, seirbhísí a chuireann le forbairt phearsanta an duine chomh maith le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na cathrach - ag cabhrú leat Foghlaim, ag cabhrú leat Fás, ag cabhrú leat Forbairt.

## Fís

Is í an fhís atá againn:

- Treorú ar fhorbairt agus ar sholáthar an tsoláthair oideachais i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Oideachas agus Oiliúint chuimsitheach, ghairmiúil ar ardchaighdeán a sholáthar go gníomhach i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Freagairt don riachtanas atá ag forbairt agus ag teacht chun cinn maidir le soláthar oideachais i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Cláir a sholáthar a sholáthraíonn cáilíochtaí oiriúnacha agus bealaí dul chun cinn chuig cúrsaí ardoideachais, cláir oiliúna agus fostaíocht.
- Seirbhís chuimsitheach Óige a fhorbairt i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Údarás dámhachtana náisiúnta dea-bhainistithe, éifeachtach agus lán-chuntasach a sholáthar do dheontais mac léinn.

## Creideamh

Is é ár bpríomhchreideamh go bhfuil sé de cheart ag gach duine rochtain a fháil ar dheiseanna Oideachais agus Oiliúna a chuirfidh ar a gcumas a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Chun tacú leis an duine aonair a chumas a bhaint amach is gá dúinn mar sholáthraí seirbhíse a bheith.

**Uilechuimsitheach:** táimid oscailte do gach foghlaimeoir ar féidir leo leas a bhaint as na cúrsaí a chuirimid ar fáil agus a thagann faoi raon feidhme reachtach ár seirbhísí.

**Measúil:** tá meas againn ar an gceart chun cóir chomhionann a fháil do gach duine a bhaineann leas as ár seirbhísí, ag urramú cearta an duine lena n-áirítear meas a bheith acu ar an duine agus a cheart chun príobháideachta.

**Sofhreagrach:** táimid freagrúil do riachtanais athraitheacha daoine agus na sochaí go háirithe riachtanais daoine atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus / nó dífhostaithe.


**Cumasaithe:** cuirimid deiseanna ar fáil le cur ar chumas daoine a gcumas Oideachais agus Oiliúna a bhaint amach.

## Gealltanais

- sármhaitheas gairmiúil i dteagasc agus in oiliúint, agus torthaí ardchaighdeán san fhoghlaim a chur chun cinn
- timpeallacht oibre dearfach, lúfar, cumhachtaithe a sholáthar
- forbairt foirne a spreagadhencouraging staff development
- gnóthachtálacha ag gach leibhéal a aithint
- sármhaitheas gairmiúil a chur chun cinn inár seirbhísí tacaíochta oideachais agus oiliúna agus inár riarachán
- sármhaitheas gairmiúil agus torthaí ardchaighdeán a chur chun cinn i seirbhísí oibre don ógra
- oideachas, oiliúint a sholáthar agus tacú le seirbhísí óige atá uilechuimsitheach, ilchreidmheach, agus atá faoi cheangal ag caidreamh cuí cúraim agus meas
- freagairt do riachtanais an fhoghlaimeora de réir mar a thagann riachtanais eacnamaíocha, sochaíocha agus fostaíochta chun cinn
- freagairt d'éilimh eacnamaíocha agus sochaíocha
- glacadh le indibhidiúlacht, éagsúlacht agus uilechuimsitheacht
- freagrachtaí cathartha, sóisialta, pobail agus domhanda a mholadh
- abhcóideacht a dhéanamh ar son rannpháirtíocht mac léinn, foirne, tuismitheoirí agus pobail in oideachas, oiliúint agus seirbhísí óige CDETB
- sármhaitheas gairmiúil a chur chun cinn maidir le deontais mac léinn a phróiseáil agus a sheachadadh trí Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI)



## Cairt Eagrúcháin CDETB





4

# Éachtaí in 2021

## Dara Leibhéal

Sprioc	Gníomhartha	Éacht
Colún 1 – Sprioc Straitéiseach 4	Cumarsáid agus comhoibriú thar a bheith éifeachtach a chothú laistigh agus lasmuigh den eagraíocht	
Cumarsáid a fheabhsún	<ul style="list-style-type: none"> <li>Aip scoile a fhorbairt</li> <li>Cuntas ríomhphoist foirne nasctha tríd an scoil</li> <li>Níos mó úsáide a bhaint as ardán foghlama comhoibrithí i Scoileanna m.sh. OneNote, Google classroom, srl.</li> <li>Comhordaitheoir Meán Sóisialta a cheapadh i scoileanna</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tá próifílí agus suíomhanna gréasáin sna meáin shóisialta ag gach scoil dara leibhéal agus ag ár scoil CNS. Úsáideann thart ar leath dár scoileanna a gcuid próifílí meán sóisialta go rialta agus úsáideann an chuid eile iad ó am go ham. Úsáideann gach scoil a ríomhphost @cdebtb go gníomhach, mar sin tá an sprioc seo bainte amach</li> <li>Tá cigireachtaí tosaithe arís ach le fócas ar chomhlíonadh Covid, mar sin níl an sprioc 75% den suirbhé tuismitheoirí ag aithint dea-chumarsáide inléirithe bainte amach</li> <li>Tá na scoileanna go léir ag baint úsáide i gcónaí as na hardáin foghlama ar líne ar méadaíodh agus ar cuireadh barr feabhais orthu le linn tréimhse na cianfoghhlama. Mar sin, tá an sprioc seo bainte amach</li> </ul>

Sprioc	Gníomhartha	Éacht
Colún 1 – Sprioc Straitéiseach 5	Líonraí agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha gníomhacha agus freagrúla a chur chun cinn le príomhpháirtithe leasmhara i gcomhthéacs geilleagair agus sochaí atá ag athrú	
Comhpháirtíochtaí táirgiúla a fhorbairt	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Freastal ar chainteoirí agus saineolaithe tionscail</li> <li>• Cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chun teagmháil a dhéanamh le gníomhaireachtaí reachtúla trí chuireadh a thabhairt do chruinnithe comhairliúcháin agus freastal ar sheisiúin faisnéise</li> <li>• Leas a bhaint as deiseanna gnó le haghaidh urraíochta agus comhpháirtíochtaí</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Mar gheall ar an bpaindéim, níorbh fhéidir an cuireadh a thabhairt do shainchainteoirí agus do cheannairí tionscail</li> <li>• Tá infheistíocht á déanamh i gcónaí ag roinnt scoileanna i gcaidrimh le gnólachtaí agus le heagraíochtaí eile</li> </ul>
Colún 2 – Sprioc Straitéiseach 1	Infheistiú i bhforbairt foirne d'fhonn acmhainn ghairmiúil a thógáil agus cultúr eagrúcháin dearfach a chothú i CDETB	
Cumas na foirne a fheabhsú d'fhonn oideachas ardcháilíochta a sholáthar dá gcuid mac léinn	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Líonraí Foghlama Gairmiúla bunaithe ar ábhair a bhunú agus a fheabhsú</li> <li>• CPD Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe a sheachadadh atá inrochtana ag gach ball foirne</li> <li>• Deiseanna a thógáil do chomhoibriú gairmiúil idir múinteoirí ina scoil féin agus idir scoileanna chun saineolas a roinnt</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cigireachtaí Ábhair le haththosú ag an DE go luath</li> <li>• Tá Líonraí Foghlama Gairmiúla atosaithe le déanaí. Tá an méadú ar PLNanna atá bunaithe ar ábhair le baint amach go fóill, ach is réimse é seo atá á iniúchadh againn le ETBI, agus d'fhéadfaí PLNanna ar fud an ETB a scrúdú</li> <li>• Cuireadh go leor deiseanna CPD ar athló níos luaithe sa bhliain, mar gheall ar Covid. Mar sin féin, tháinig méadú 13% ar rannpháirtíocht ó 2020 ar an éileamh ar oiliúint cheannaire láir.</li> </ul>

Sprioc	Gníomhartha	Éacht
Colún 2 – Sprioc Straitéiseach 2	Leas a bhaint as guth an scoláire/an fhoghlaimora agus glacadh le guth na foirne i dtreoir straitéiseach agus i gceannaireacht CDETB	
Feabhas a chur ar nádúr comhoibrithe CDETB agus ar rannpháirtíocht ghuth na mac léinn i gcinnteoireacht	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Suirbhé a dhéanamh ar scoláirí maidir leis na scrúduithe Stáit</li> <li>• Teagmháil le hAontas na Mac Léinn Dara Leibhéal in Éirinn</li> <li>• A chinntiú go gcasann gach comhairle scoláirí leis an mBord Bainistíochta i scoileanna</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ciallaíonn easpa sonraí maidir le cruinnithe Chomhairle na nDaltaí (mar gheall ar Covid), nach féidir linn a rá an bhfuil ár sprioc bainte amach. Arís, chuirfeadh cianfhoghlaim bac ar chumas Chomhairlí na Mac Léinn teacht le chéile</li> <li>• Tá Clár Oibre Bhord Bainistíochta CDETB forbartha agus curtha i bhfeidhm againn, a chuireann tuairiscí Chomhairle na nDaltaí mar bhuanmhír. Ligfidh sé seo do chruinnithe agus tuairiscí rialta Chomhairle na nDaltaí a bheith ar fáil do na Boird Bainistíochta</li> </ul>
Colún 2 – Sprioc Straitéiseach 3	Forbairt ghairmiúil a chur chun cinn agus a éascú, trí chomhoibriú foirne, lena n-áirítear bealaí nua oibre agus seachadta	
Feabhas a chur ar tháirgiúlacht in úsáid acmhainní agus an timpeallacht dhearfach foghlama a fhorbairt do dhaltáí i ngach scoil	<ul style="list-style-type: none"> <li>• CPD a sholáthar in uirlisí foghlama digiteacha</li> <li>• Líonra Foghlama Gairmiúla Dhigitigh a chruthú</li> <li>• Cur ar son mhaoiniú do bhonneagar TFC</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ghlac gach ball foirne páirt i seachadadh cianfoghhlama níos luaithe sa bhliain agus cuireadh CPD san fhoghlaim dhigiteach ar fáil do gach scoil. Tá pleananna againn chun é seo a fhorbairt níos mó ar chúl na n-eispéireas cianfoghhlama</li> <li>• Baineadh amach an ghníomhaíocht bheartaithe um PLN Digiteach a fhorbairt i bpáirt, sa mhéid go raibh cruinnithe rialta ag Comhordaitheoirí Digiteacha le linn na tréimhse cianfoghhlama. Leanfar ar aghaidh ag tógáil air seo</li> <li>• Fuair 7 scoil comhlíonadh iomlán ón gClár Tacaíochta um Sholáthar Sábháilte Tuairiscí Cigireachta ar Scolaíocht, a léiríonn go raibh ár sprioc de thuairiscí dearfacha maidir le scoileanna sábháilte Bainte amach</li> </ul>

Sprioc	Gníomhartha	Éacht
Colún 2 – Sprioc Straitéiseach 4	Cultúr nuálaíochta agus cruthaitheachta a chothú a chuireann fás agus folláine phearsanta chun cinn agus a thacaíonn leis agus a ardaíonn uailmhian na foirne, na daltaí agus na bhfoghlaimoirí ar fad	
Cumas feabhsúcháin gach scoile a fhorbairt	<ul style="list-style-type: none"> <li>Rannpháirtíocht le Cigireacht DES i gcáil chomhairleach do scoileanna maidir le pleanáil le haghaidh feabhsúcháin</li> <li>Líonra príomhoidí mar fhóram comhroinnte smaointe</li> <li>FGL le haghaidh SLT</li> <li>Ranganna tiomnaithe gairme a chur i bhfeidhm ar fud gach bliainghrúpa</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Níor atosáíodh cigireachtaí iomlána go fóill, mar sin ní féidir an gníomh beartaithe maidir le comhairle na Cigireachta ar fheabhsuithe scoile a chur i bhfeidhm</li> <li>Baineadh amach Líonra na bPríomhoidí mar fhóram comhroinnte smaointe, agus chuir na Príomhoidí i láthair a chéile ag gach Cruinniú Príomhoidí</li> <li>Spreagtar scoileanna chun dul i ngleic leis an bpróiseas SSE, go háirithe nascadh le Creatlach an Phátrúin. Roghnaíodh Coláiste Marino mar ár scoil ionadaíoch don tionscadal píolótach ETBI ar SSE i gcomhar le DCU</li> </ul>
Colún 2 – Sprioc Straitéiseach 5	Cumas ceannaireachta a fhorbairt laistigh den eagraíocht agus foirne ceannaireachta láidre cumasacha a thógáil	
Cumas ceannaireachta a fhorbairt i measc na foirne	<ul style="list-style-type: none"> <li>Oiliúint Ceannaire Láir agus oiliúint do cheannairí sinsearach ionchasacha a sholáthar</li> <li>Ceannaireacht “Riachtanais agus Tosaíochtaí” a aithint agus a athbhreithniú go leanúnach</li> <li>Clár ionduchtaithe do gach Príomhoide agus Leas-Phríomhoide nua</li> <li>Glacadh le Tacaíochtaí don Phríomhoide don Lárionad Ceannaireachta Scoile, CSL</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Bhí deis ag gach scoil páirt a ghlacadh sa Chlár Ceannaireachta Láir</li> <li>Tairgeadh Oiliúint Agallaimh Bunaithe ar Inniúlacht do gach múinteoir a d’fhéadfadh cur isteach ar phoist AP i Mí na Samhna. Forbraíonn sé seo a gcumas ceannaireachta agus a gcumas é a mhapáil ar phlean bunaithe ar inniúlacht</li> <li>Cuireadh an Clár Ionduchtaithe do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nua laistigh de CDETB i láthair mar chuid de Chlár Ionduchtaithe ETBI</li> <li>Níor baineadh amach an plean gníomhaíochta chun dul i ngleic leis an Lárionad Ceannaireachta Scoile</li> </ul>



Sprioc	Gníomhartha	Éacht
Colún 3 – Sprioc Straitéiseach 1	Oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar bunaithe ar an deachleachtas in oideolaíocht agus aosoideolaíocht	
Teagasc agus Foghlaim inár Scoileanna a fheabhsú agus eispéireas na ndaltaí inár scoileanna a fheabhsú lena n-áirítear torthaí na ndaltaí i Scrúduithe Stáit a fheabhsú	<ul style="list-style-type: none"> <li>Líonraí Comhoibrithe Foghlama Gairmiúla a bhunú i réimsí ábhair</li> <li>Coistí “Teagasc agus Foghlaim” a bhunú i ngach scoil</li> <li>Clár ionduchtaithe a chur i bhfeidhm do gach múinteoir nua</li> <li>Tá sé beartaithe ag gach DEIS agus SSE díriú ar Theagasc agus ar Foghlaim</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Líon an-dearfach daltaí a dhéanann ábhair ardleibhéil don Ardteistiméireacht (m.sh. 48% i mBéarla agus i Nuatheanga araon)</li> <li>Cuireadh in iúl do gach scoil go bhfuil sé mar sprioc againn go ndíreoidh gach Plean DEIS agus Plean SSE ar theagasc agus ar fhoghlaim</li> </ul>
Colún 3 – Sprioc Straitéiseach 2	Feasacht chultúrtha a chothú agus an Ghaeilge a chur chun cinn	
Seachadadh feabhsaithe na Gaeilge a chur chun cinn inár Scoileanna	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cur chun cinn dearfach ar thionscnamh ETBI Bhliain na Gaeilge</li> <li>Déan iniúchadh ar Aonad i mBaile Munna</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tugadh an-chur chun cinn don tionscnamh ETBI Bliain na Gaeilge laistigh dár ETB</li> <li>Léiríonn torthaí na hArdteistiméireachta go ndearna 26% de dhaltaí iarracht Gaeilge ardleibhéil a dhéanamh. Ghnóthaigh 76% díobh marc os cionn 50%</li> </ul>
Colún 3 – Sprioc Straitéiseach 3	Cruthaitheacht, nuálaíocht agus éagsúlacht an chur chuige i bhfoghlaim, i dteagasc agus in oiliúint a chur chun cinn, mar shampla trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha	
Chun glacadh leis na dúshláin a fhorchuireadh le linn phaindéim Covid-19 caidreamh a bhunú le gach dalta, cumais chianfhoghlama a fhorbairt	<ul style="list-style-type: none"> <li>CPD a sholáthar in uirlisí foghlama digiteacha</li> <li>Líonra Foghlama Gairmiúla Dhigitigh a chruthú</li> <li>Cur ar son mhaoiniú do bhonneagar TFC</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Baineadh amach na haidhmeanna a bhaineann le múinteoirí a uas-sciliú i scileanna digiteacha agus PLN Digiteach a chruthú</li> <li>Ghlac gach ball foirne páirt i seachadadh cianfhoghlama agus ghlac tuairim is 70% de na daltaí páirt ann</li> </ul>

Sprioc	Gníomhartha	Éacht
Colún 3 – Sprioc Straitéiseach 5	Seirbhísí tacaíochta do dhaltaí atá an-éifeachtach, praiticiúil agus a bhfuil tionchar acu ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta a fhorbairt tuilleadh	
Struchtúir Tacaíochta do Dhaltaí a fheabhsú i ngach scoil, rátaí críochnaithe a mhéadú go leibhéal na hArdteistiméireachta agus úsáid éifeachtach acmhainní SET a chur chun cinn	<ul style="list-style-type: none"> <li>Dul i dteagmháil leis na seirbhísí Síceolaíochta agus leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta NEPS chun soláthar a dhéanamh do riachtanais na ndaltaí inár Scoileanna</li> <li>Cur i bhfeidhm 400 uair an chloig de Fholláine do dhaltaí</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Chuaigh na Seirbhísí Síceolaíochta i dteagmháil le scoileanna chun tacaíocht a thairiscint</li> <li>Sáraíodh an aidhm 400 uair an chloig Folláine a bhaint amach i ngach scoil nuair a chuir an Roinn an sprioc seo ar athló do scoileanna</li> <li>Athraíodh sprioc na rátaí críochnaithe de réir na bPleananna DEIS agus SSE faoin tréimhse cianfhoghlama agus athruithe ina dhiaidh sin ar na Scrúduithe Stáit</li> <li>Bhí tionchar ag Covid ar úsáid uaireanta SET le bheith ag teacht go hiomlán le Ciorclán 08/2019</li> </ul>
Colún 3 – Sprioc Straitéiseach 7	Sármhaitheas a shaothrú agus a thacú i gcleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe atá dírithe ar an bhfoghlaim agus bunaithe ar fhianaise.	
Teagasc agus Foghlaim inár Scoileanna a fheabhsú agus eispéireas na ndaltaí a fheabhsú lena n-áirítear torthaí na ndaltaí i Scrúduithe Stáit a fheabhsú agus an curaclam agus an réimse ábhar atá ar fáil a leathnú	<ul style="list-style-type: none"> <li>Idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le pleanáil chun cláir LC/TY/LCA/LCVP a thairiscint i ngach scoil</li> <li>Na hábhair nua atá ar fáil ag LC i 4 scoil a thabhairt isteach</li> <li>Nascadh a dhéanamh le CPD, ceannaireacht teagaisc, JCT, PDST agus an Chigireacht maidir le pleanáil le haghaidh tionscnaimh feabhsúcháin</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ní rabhtas in ann ár bpleananna “An-mhaith” a bhaint amach i ngach tuarascáil chigireachta a bhaineann le teagasc agus foghlaim de réir mar a cuireadh cigireachtaí ar fionraí. Tá ár sprioc de Phríomhoidí ag cur moltaí na tuairisce cigireachta i bhfeidhm á comhlíonadh faoi láthair áfach ag Príomhoidí atá ag obair le chéile chun na moltaí ábhartha a aithint agus cinneadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun iad a chomhlíonadh</li> </ul>

Sprioc	Gníomhartha	Éacht
Colún 3 – Sprioc Straitéiseach 6	Deiseanna a chur chun cinn chun soláthar seirbhísí oideachais agus oiliúna i gcathair Bhaile Átha Cliath a leathnú agus a fheabhsú	
<p>Líon rollaithe scoláirí a mhéadú tuilleadh ar fud na scoileanna go léir atá ann cheana féin agus ar fud na scoile</p> <p>Líon na scoileanna atá faoi phátrúnacht CDETB a mhéadú</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cur i bhfeidhm éiteas</li> <li>• Feachtas a fhorbairt don scoil nua PP atá le hoscailt i mBaile Átha Cliath 2/4 in 2021</li> <li>• Dul i dteagmháil le rannóg réamhphleanála DES chun pleanáil a dhéanamh chun freastal ar na riachtanais dhéimeagrafacha d'áiteanna scoile i gcathair Bhaile Átha Cliath</li> <li>• Comhghuaillíocht Pátrún a leabú le Ag Foghlaim le Chéile agus cur le socrú náisiúnta idir Ag Foghlaim le Chéile agus ETBI</li> <li>• Teagmháil le pátrúin bunscoile maidir le dífheistiú</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Níor fógraíodh aon fheachtas phátrúnachta laistigh dár ndlínse</li> <li>• Mar sin féin, d'éirigh linn aistriú phátrúnacht Scoil Ospidéal Mhuire a chur i gcrích go dtí CDETB. Chonacthas an scoil mar ár gcéad Phobalscoil Náisiúnta agus níl inti ach tús lenár gcuid oibre sa réimse seo</li> <li>• Sáraíodh ár n-aidhm líon na ndaltaí a mhéadú faoi 5% laistigh dár scoileanna de réir mar a léiríonn rollacháin méadú thart ar 13%</li> <li>• Mhéadaigh 7 scoil dara leibhéal a rollaithe agus creidimid go bhfuil sé seo nasctha le caighdeáin foghlama agus teagaisc a ardú laistigh dár scoileanna</li> <li>• An gníomh atá beartaithe maidir lenár gcaidreamh le Ag Foghlaim le Chéile a leabú agus tacú leis an gcaidreamh seo ag leibhéal ETBI. Chuireamar tús le plé mionsonraithe le Ag Foghlaim le Chéile chun bealach a aontú chun oibriú le chéile amach anseo</li> <li>• Trí thrí Rang Speisialta a oscailt go rathúil inár scoileanna, táimid ag leanúint ar aghaidh ag leathnú ár líon daltaí agus cáilíocht ár soláthar SEN</li> </ul>

Sprioc	Gníomhartha	Éacht
Colún 4 – Sprioc Straitéiseach 1	Timpeallachtaí agus bonneagar foghlama cinnte ar ardchaighdeán a chruthú, a fhorbairt agus a chothabháil chun eispéireas an fhoghlaimora i CDETБ a fheabhsú	
Timpeallacht Foghlama na scoile a fheabhsú	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Coiste Teagaisc agus Foghlama bunaithe i ngach scoil</li> <li>• Líonraí Foghlama Gairmiúla i ngach ábhar</li> <li>• Éachtaí na ndaltaí a chur chun cinn trí na meáin shóisialta</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Chuir Covid isteach ar an ngníomhaíocht atá beartaithe maidir le Coiste Teagaisc agus Foghlama a bheith i ngach scoil. Faoi láthair, tá Coistí T &amp; L gníomhach ag ceithre scoil. Tá an rolladh amach atá beartaithe chuig gach scoil ag leanúint ar aghaidh</li> <li>• Tá éachtaí na scoláirí a chur chun cinn ar na meáin shóisialta bainte amach, agus tá formhór na scoileanna ag déanamh amhlaidh anois</li> <li>• Tá na scoileanna fáilteach agus d’fheabhsaigh dhá scoil a dtimpeallacht thógtha go mór trí mhórhionscadail athchóirithe. Tharla tionscadail péinteála ar scála mór i 6 scoil, rud a chuir feabhas ar an timpeallacht amhairc</li> </ul>
Colún 4 – Sprioc Straitéiseach 4	Cultúr cruthaitheachta agus nuálaíochta a chothú agus a thacú a chuimsíonn oiriúnú agus athrú ar chúinsí agus ar chomhthéacsanna nua	
Cumas feabhsúcháin gach scoile a fhorbairt	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Rannpháirtíocht le Cigireacht DES i gcáil chomhairleach do scoileanna maidir le pleanáil le haghaidh feabhsúcháin</li> <li>• Líonra Foirne Ceannaireachta Sinsearach mar fhóram roinnte smaointe</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Níor cuireadh tús leis na cigireachtaí arís ar an mbealach seo</li> <li>• Níl eolas ar fáil faoi láthair</li> <li>• Líon an-dearfach ag glacadh ardleibhéal, go háirithe i mBéarla agus i Nuatheanga</li> </ul>

Sprioc	Gníomhartha	Éacht
Colún 4 – Sprioc Straitéiseach 5	Rialachas agus imscaradh éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní (daonna agus fisiceach) a sheachadadh chun seachadadh seirbhísí oideachais, oiliúna agus tacaíochta a fheabhsú	
Pleanáil, cleachtais agus córais oibre éifeachtacha a fheabhsú	<ul style="list-style-type: none"> <li>Pleanáil amchláir agus cur i bhfeidhm CPD</li> <li>Cruinniú bliantúil athbhreithnithe pleanála don fhórsa saothair</li> <li>Oiliúint ón mBord Bainistíochta</li> <li>Líonra na bPríomhoidí agus Líonra na Leas-Phríomhoidí a fheabhsú chun Foirne Ceannaireachta Sinsearaí a chur ag obair go héifeachtach</li> <li>Cruinnithe Míosúla Príomhoidí</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tá an sprioc maidir le gach scoil ag obair laistigh den leithdháileadh bainte amach go substaintiúil, agus ní raibh ach scoil amháin ró-leithdháilte do 2020-21</li> <li>Níor baineadh amach an gníomh atá beartaithe maidir le CPD a phleanáil</li> <li>Cuireadh moill ar an oiliúint a bhí pleanáilte ag an mBord Bainistíochta agus é ag fanacht le Lámhleabhar nuashonraithe ETBI. Eiseofar é seo go luath agus táthar ag súil go mbeidh an oiliúint ar siúl san Earrach</li> </ul>

## Breisoideachas agus Oiliúint

Sprioc	Gníomhartha	Éacht
Colún 1 – Sprioc Straitéiseach 1	Fís eagraíochtúil agus féiniúlacht CDETB a chur chun cinn mar an soláthraí is rogha le haghaidh seachadadh seirbhíse oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán agus mar éascaitheoir seirbhísí óige, i gcathair Bhaile Átha Cliath	
Cumarsáid fheabhsaithe	<ul style="list-style-type: none"> <li>Buiséad FET a mhéadú le haghaidh fógraíochta agus PR</li> <li>Athbhreithniú a dhéanamh ar chur chuige reatha FET maidir lena phlean cumarsáide, cur chun cinn, brandála inmheánach agus seachtrach</li> <li>Plean a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí</li> <li>Bealach a dhearadh chun guth an scoláire a ghabháil thar FET agus chun athrú/feabhsú a dhéanamh</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Méadaíodh tairiscint Buiséid FAR 50% ag ligean do chaiteachas breise ar chur chun cinn na Meáin Shóisialta</li> <li>Ceapadh oifigeach Cumarsáide nua i Ráithe 3</li> <li>Chuir an t-athbhreithniú tionscnaimh faisnéis ábhartha ar fáil agus chuimsigh cruinnithe le Príomhoidí/Cinn Ionad an mhír seo. Teastaíonn athbhreithniú straitéiseach ar sholáthar FET chun brandáil, ainmniú, srl. a chur san áireamh i léas féideartha áitreabh Shráid Chathail Brughna. Bunaíodh grúpa oibre FET ar bhrandáil i R4 2021</li> </ul>

Sprioc	Gníomhartha	Éacht
Colún 1 – Sprioc Straitéiseach 3	Croíluachanna CDETB a fhorbairt agus a fheabhsú agus na luachanna seo a leabú i ngnáthaimh agus cleachtais laethúla chun seirbhís agus tacaíochtaí an-éifeachtach a sholáthar do gach mac léinn, foghlaimeoir agus páirtí leasmhar	
Earcaíocht foirne Creat tacaíochtaí foghlama Forbairt cúrsaí Straitéis FET	<ul style="list-style-type: none"> <li>Foireann bhreise a earcú chun tacaíochtaí do gach foghlaimeoir FET a fheabhsú</li> <li>Creat deartha tacaíochtaí foghlaimeora. Design level 9 course with TCD in inclusion, diversity and support</li> <li>Cúrsa ar leibhéal 9 a dhearadh le TCD maidir le cuimsiú, éagsúlacht agus tacaíocht</li> <li>Idirbheartaíocht a dhéanamh le DCU chun leibhéal 6, 7 &amp; 8 a dhearadh maidir le cuimsiú, éagsúlacht agus tacaíocht do FET</li> <li>Dhá thionscnamh phiólótacha FET coláiste sa Toghcháin a chomhaontú</li> <li>Athbhreithniú a dhéanamh ar phlean cur chun feidhme straitéis agus dearadh FET CDETB</li> <li>Smaoinigh ar dheiseanna nua trí ghnáthnósanna imeachta QA CDETB</li> <li>Comhaontú a dhéanamh ar cad is bonneagar foghlama oiriúnach don fheidhm</li> <li>Athbhreithniú a dhéanamh ar eastát CDETB agus plan gníomhaíochta agus luach airgeadaíochta an chéanna a chomhaontú</li> <li>Tús a chur le cur chun feidhme Comhionannais agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cuireadh cásanna gnó faoi bhráid SOLAS i Ráithe 3 agus Ráithe 4 d'fhoireann bhreise in 2022</li> <li>Críochnaíodh tairiscint ar Chreat Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí i R4. Tá dréachtú SLA leis an tairgeoir rathúil ag dul ar aghaidh i R1 2022. Rolladh amach le tosú i R2 2022</li> <li>I R3 chuir 35 foghlaimeoir tús leis an Teastas nua larchéime Leibhéal 9 san Éagsúlacht agus Cuimsiú i gColáiste na Tríonóide. Faomhadh an cúrsa a dhear agus a d'fhorbair foireann TCD agus CDETB i mí an Mheithimh 2021</li> <li>I R4 cuireadh cás gnó faoi bhráid SOLAS chun tacú le tograí Choláiste FET na Toghcháin. Tá plé ar siúl i gcónaí maidir le foirgnimh agus riachtanais acmhainní</li> <li>Cuireadh plan cur chun feidhme straitéis FET agus dearadh CDETB isteach san athbhreithniú tionscnaimh QQI agus i bplan straitéiseach Shráid Chathail Brugha</li> <li>Post Oifigeach Forbartha Foirgnimh agus Caipitil faofa i R4. Fógraithe i R1 2022</li> <li>Tá duine fostaithe ag CDETB chun próiseas measúnaithe a dhéanamh agus chun na chéad chéimeanna eile a mholadh</li> </ul>

Sprioc	Gníomhartha	Éacht
Colún 1 – Sprioc Straitéiseach 5	Líonraí agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha gníomhacha agus freagrúla a chur chun cinn le príomhpháirtithe leasmhara i gcomhthéacs geilleagair agus sochaí atá ag athrú	
Rannpháirtíocht éifeachtach leis na príomhpháirtithe leasmhara	<ul style="list-style-type: none"> <li>Athbhreithniú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na gcoistí, na gcomhpháirtíochtaí srl éagsúla agus a fheiceáil conas a chloistear/a léirítear/a chomhthiomsaítear guth CDEBT</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Mar chuid den athbhreithniú tionscnaimh, chuaigh CDETB i dteagmháil le páirtithe leasmhara agus réimsí seirbhíse i R2 agus R3 le sraith suirbhéanna agus cruinnithe grúpa. Beidh tuarascálacha agus aiseolas ón rannpháirtíocht seo mar chuid den Athbhreithniú Tionscnaimh atá sceidealta do R2 2022</li> </ul>
Colún 2 – Sprioc Straitéiseach 1	Infheistiú i bhforbairt foirne d'fhonn acmhainn ghairmiúil a thógáil agus cultúr eagrúcháin dearfach a chothú i CDETB	
Clár agus tacaíocht CPD  Forbairt foirne agus uas-sciliú	<ul style="list-style-type: none"> <li>Buiséad CPD agus acmhainní foirne a mhéadú</li> <li>Dréacht-nósanna imeachta PD a thabhairt chun críche</li> <li>Lean ar aghaidh ag cruthú féilire CDU</li> <li>Leanúint ar aghaidh ag cur CPD chun cinn trí bhainisteoirí FET</li> <li>Oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne/cosantóirí roghnaithe in úsáid na meán sóisialta</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Méadaíodh buiséad CPD faoi 34% in 2021 agus mar thoradh air sin bhí deiseanna breise ag baill foirne tabhairt faoi chúrsaí</li> <li>Cuireadh “Treoirilinte agus Nós Imeachta um Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil” CDETB le chéile i R1 le hathbhreithniú beartais sceidealaithe do R1 2023</li> <li>Tá Féilire CDU á scaipeadh ar gach ionad le nuashonruithe míosúla chomh maith le nuashonruithe ríomhphoist breise. Tá an féilire ar fáil freisin ar leathanach Moodle na foirne</li> <li>Tugadh maoiniú do 6 bhall foirne chun cúrsa L9 i nDearadh agus Bailíochtú Clár a dhéanamh in NUIM</li> <li>Chríochnaigh 15 bhall foirne L8 i mbainistíocht Athruithe in NUIG; Maoiniú tugtha do 2 bhall foirne eile chun cúrsaí a thosú i Meán Fómhair 2021</li> <li>Maoiniú tugtha do 5 bhall foirne in 2021 do Dhiplóma 12 seachtaine sna Meán Shóisialta agus Margaíocht arna sheachadadh ag UCD</li> </ul>

Sprioc	Gníomhartha	Éacht
Colún 2 – Sprioc Straitéiseach 3	Forbairt ghairmiúil a chur chun cinn agus a éascú, trí chomhoibriú foirne, lena n-áirítear bealaí nua oibre agus seachadta	
